



An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann
Tuarascáil Bhliantúil 2012



An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann

An Chairt do Chustaiméirí

Bunaíodh an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann le dlí chun próiseas achomharc a chur ar fáil, próiseas a bheadh neamhspleách ó thaobh cúrsaí reachtúla de agus trína bhféadfadh baill d'Óglaigh na hÉireann a phróiseáil gearán tríd an gcóras um Shásamh in Éagóracha agus atá fós míshásta leis an toradh casaoid a chur faoi bhráid an Ombudsman lena hathbhreithniú.

Chomh maith leis sin, glacann an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann le gearáin a rinne iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann go díreach, faoi réir coinníollacha áirithe.


De bhun alt 4 agus alt 6 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004, féadfaidh an tOmbudsman, ach i amháin i gcás eisceachtaí áirithe, imscrúdú a dhéanamh ar ghníomh a rinne ball d'Óglaigh na hÉireann nó státseirbhíseach sa Roinn Cosanta, gníomh

- (a) a raibh tionchar díobhálach aige ar ghearánach nó a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith aige ar ghearánach,
- (b) sa chás –
 - (i) go ndearnadh nó go mb'fhéidir go ndearnadh an gníomh gan údarás cuí,
 - (ii) go ndearnadh nó go mb'fhéidir go ndearnadh an gníomh ar fhoras neamhábhartha,
 - (iii) gur neamart nó neamh-aire nó go mb'fhéidir gur neamart nó neamh-aire ba chúis leis an ngníomh,
 - (iv) go raibh nó go mb'fhéidir go raibh an gníomh bunaithe ar eolas earráideach nó easpach,
 - (v) go raibh nó go mb'fhéidir go raibh an gníomh idirdhealaitheach go míchuí,
 - (vi) go raibh an gníomh míréasúnta, gan comhthéacs na timpeallachta míleata a chur san áireamh,
 - (vii) go raibh nó go mb'fhéidir go raibh an gníomh bunaithe ar chleachtas míchuibhiúil riaracháin, nó
 - (viii) go raibh an gníomh thairis sin contrártha do riarachán cóir nó fóna,
- (c) nárbh ordú a eisíodh le linn oibríocht mhíleata é an gníomh, agus
- (d) nach dócha go réiteofar an t-ábhar agus go ndeachaigh tréimhse 28 lá thart ó rinneadh an gearán faoi alt 114 d'Acht 1954, i gcás ball reatha d'Óglaigh na hÉireann.

Féachann an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann le bealach cóir, éasca le húsáid agus éasca le rochtain chun cásanna a bhreithniú a chur ar fáil.

Leis seo, cuirim isteach Tuarascáil Bhliantúil an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann do 2012 de bhun Alt 7 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

Is í seo an 7ú Tuarascáil Bhliantúil a cuireadh isteach i ndáil le hobair an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann ó bunaíodh é an 1 Nollaig 2005.



Patrick Anthony McCourt
An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann

Clár Ábhar

I	Réamhrá	6
II	Buaicphointí 2012	14
III	Anailís ar Ghearáin agus Achomhairc	15
IV	Achoimrí ar Chásanna	25
V	Gnóthaí Corparáideacha	34

Is mian leis an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann buíochas a ghabhail le Preas-Oifig Óglaigh na hÉireann as cead a thabhairt dó úsáid a bhaint as na grianghraif atá sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

<https://www.flickr.com/photos/dfmagazine>



I Réamhrá

Bliain ina raibh athrú suntasach in Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann (ODF) ba ea an bhliain 2012. Chuir Paulyn Marrinan Quinn S.C., mo réamhtheachtaí, a téarma oifige mar Ombudsman i gcrích an 18 Meán Fómhair 2012, tar éis di seacht mbliana san iomlán a chaitheamh mar chéad Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann ó dháta a ceapacháin ag deireadh na bliana 2005.

Tá an-áthas orm an 7ú Tuarascáil Bhliantúil seo ón Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann (ODF) a chur i láthair. Is í seo freisin mo chéad Tuarascáil Bhliantúil ó rinne an tUachtarán, ar mholadh an Rialtais, mé a cheapadh mar Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann le héifeacht ón 7 Samhain 2012. Cé go raibh mé eolach ar an oifig agus gur chuir mé tús le breithniú a dhéanamh ar an ualach cásanna leanúnacha le linn 2012, gan an breithniú sin a chur i gcrích, ceapadh mé chomh gar sin do dheireadh na bliana féilire 2012 nach ndearna mé aon ghearáin a chinneadh ná aon tuarascálacha a eisiúint roimh dheireadh na bliana. Chinn mé gan aon tuarascálacha imscrúdaithe a fhoilsiú sa bhliain 2012 freisin mar gheall gur tionscnaíodh imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh san Ard-Chúirt i ndáil le mo cheapachán mar Ombudsman. Léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo, mar sin, an obair a rinne mo réamhtheachtaí le linn na bliana tuairiscithe.

Agus aird chuí á tabhairt ar an timpeallacht eacnamaíoch reatha, is go príomha i bhformáid leictreonach atá an Tuarascáil Bhliantúil do 2012 á foilsiú den chéad uair riamh. Cé gurbh fhéidir gur fearr cruachóipeanna chun gur féidir féachaint ar leagan fisiciúil i ngach oifig ar fud Óglaigh na hÉireann, agus chun gur féidir le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne súil a chaitheamh ar an tuarascáil, is amhlaidh atá an scéal, ag féachaint do na cúinsí reatha, nach mór don ODF iarracht a dhéanamh costais a laghdú i ngach réimse nuair is féidir. Feictear dom go bhfuil na meáin leictreonacha ar an mbealach is cost-éifeachtúla agus is gasta chun an Tuarascáil Bhliantúil seo a thairiscint. Is é sin an fáth go ndearnadh an t-athrú. D'iarr mé ar Cheann Foirne Óglaigh na hÉireann an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur ar fáil do gach ball d'Óglaigh na hÉireann trí chóras Inlín Óglaigh na hÉireann agus d'aontaigh sé go cineálta déanamh amhlaidh. Cuirfidh an ODF cóipeanna leictreonacha ar fáil do ghrúpaí sainleasa agus do dhaoine éagsúla agus foilseofar an Tuarascáil Bhliantúil seo ar shuíomh Gréasáin an ODF. Creidim go gcinnteoidh an socrú nua sin go mbeidh leibhéal rochtana níos fearr agus níos éasca ann ar an tuarascáil.

Is é an chéad tasc atá agam sa tuarascáil seo ná ómós a thabhairt do Paulyn Marrinan Quinn, S.C., mo réamhtheachtaí mar Ombudsman, as an méid a chuir sí le hobair an ODF, agus as an tiomantas a bhí aici don obair sin, ó cheapadh í mar chéad Ombudsman i mí Mheán Fómhair 2005. Ón dáta ar cheapadh í, d'oibrigh sí go dícheallach agus go díograiseach, agus í ag baint leas as an taithí a ghnóthaigh sí óna post roimhe sin mar Ombudsman Árachais, chun na struchtúir agus na córais is gá a chur i bhfeidhm chun go bhféadfadh an ODF a feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Chaith Marrinan Quinn Uas. seacht mbliana in Oifig an Ombudsman agus ba chóir di bheith bródúil

as an méid a bhain sí amach le linn na tréimhse sin. Thug sí faoin tasc dúshlánach a bhain le saol a chur san Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004, lenar bunaíodh an Oifig seo. Ní dóigh liom go bhféadfadh fíis chomhaontaithe shoiléir a bheith ag na páirtithe a raibh baint acu leis an tasc sin sa bhliain 2005 maidir leis an dóigh a bhféadfadh agus a bhforbródh Oifig an Ombudsman sna blianta eatramhacha. Rud is tábhachtaí fós, bhí sé soiléir ón tús go raibh fonn ag gach ceann de na páirtithe sin rath a chur ar an Oifig. Díreach ón tús, thug na húdaráis mhíleata comhoibriú iomlán don Oifig agus ghlac siad leis an dearcadh gur forbairt dhearfach amach is amach é athbhreithniú seachtrach, ag sealbhóir neamhspleách sibhialta Oifige, ar ghearán gan réiteach faoin gcóras um Shásamh in Éagóracha. Is gá údaráis mhíleata na hÉireann ag an am sin a mholadh go hard ar an gcur chuige dearfach forásach lenar ghlac siad. Níl aon amhras orm gur ríthábhachtach d'fhorbairt na hOifige sna luathlaethanta a bhí a taithí roimhe agus an ghairmiúlacht a thaispeáin sí ina ról nua.

Ó thosaigh sí sa phost, leag sí na caighdeáin ab airde agus ab fhéidir síos don Oifig. Le linn an ama a chaith sí mar ODF, rinne sí imscrúdú ar líon suntasach gearán a cuireadh faoi bhráid an ODF. Ba ar bhealach eiseamláireach a tugadh faoi na himscrúduithe sin, agus aird chuí á tabhairt aici ní amháin ar na forálacha reachtacha lenar rialaíodh an ODF, ach orthu siúd lenar rialaíodh Óglaigh na hÉireann freisin. Ghníomhaigh réamhtheachtaí i gcónaí ar an mbealach ba dhícheallaí agus ab ionraice. Is féidir é sin a fheiceáil sa mheas atá ag na baill, ag na Ceannasaithe sinsearacha agus ag Foireann na nÓglach Buan agus na nÓglach Cúltaca uirthi agus san ómós atá acu di. Rinne an tAire Cosanta, a chuid feidhmeannach agus na hÚdaráis Mhíleata breithniú cúramach ar na tuarascálacha bliantúla agus ar na tuarascálacha aonair atá déanta aici le seacht mbliana anuas. Rinne a tuarascálacha, is cuma cé acu a sheas sí le gearán nó a dhiúltaigh sí do sheasamh le gearán iontu, rannchuidiú dearfach maidir le gearáin a rinne baill reatha nó iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann a réiteach agus maidir le feabhsuithe suntasacha a bhaint amach ó thaobh riaracháin de laistigh d'Óglaigh na hÉireann. Is gá í a mholadh air sin. Beidh a tuarascálacha ina dtaifead buan agus ina bhfianaise oiriúnach maidir leis an ról a d'imir sí aitheantas, meas agus aird a thabhairt d'Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Guím gach rath ar mo réamhtheachtaí i cibé dúshlán a gcinnfidh sí tabhairt fúthu amach anseo agus tá súil agam go bhforbróidh mé a cuid éachtaí tuilleadh agus go gcuirfidh mé leis na héachtaí sin le linn mo théarma Oifige.

Tugtar sna staitisticí atá sa Tuarascáil Bhliantúil seo forbhreathnú ar ghníomhaíocht an ODF le linn na bliana 2012. Fuair m'oifig 122 Fógra Gearáin (NoC) i ndáil le hiarratais ar Shásamh in Éagóracha a thionscain baill reatha d'Óglaigh na hÉireann, de bhun alt 114 den Acht Cosanta, 1954, le linn na bliana 2012. Ina theannta sin, fuarthas 5 ghearán a cuireadh go díreach faoinár mbráid. I gcomparáid leis na 78 fógra a tuairiscíodh sa bhliain 2011 agus leis na 62 fógra a tuairiscíodh sa bhliain 2010, b'ionann na 127 fógra san iomlán a fuarthas don bhliain 2012 agus méadú suntasach ar na figiúirí sin. I gcás na 127 fógra a fuarthas, rinneadh 47 fógra (37%) díobh a réiteach

nó a tharraingt siar le linn na bliana. Cé go bhfuarthas 58 fógra gearáin le linn na bliana roimh an dáta a ndeachaigh mo réamhtheachtaí ar scor an 19 Samhain 2012, tugaim faoi deara freisin go bhfuarthas 69 fógra gearáin le linn na coda eile den bhliain, rud a thugann fianaise eile ar threocht aníos i líon na ngearán le linn na bliana 2012.

Bhí tuairim is 77 cás faoi athbhreithniú ag an ODF le linn na bliana 2012. Tá an figiúr sin níos ísle ná na 89 cás a bhí faoi athbhreithniú sa bhliain 2011. Ag féachaint don mhéadú 63% i líon na bhfógraí gearáin a fuarthas le linn 2012 agus don laghdú ó 46% sa bhliain 2011 go 37% sa bhliain 2012 i líon na ngearán a réitíodh laistigh d'Óglaigh na hÉireann ag an gcéim um Shásamh in Éagóracha, áfach, is cosúil nár coimeádadh ar bun an treocht anuas i líon na ngearán a cuireadh faoi bhráid an ODF, mar a léiríodh i dTuarascáil Bhliantúil mo réamhtheachtaí do 2011. Faoi mar a thabharfar faoi deara níos déanaí sa réamhrá seo freisin, is dócha go ndéanfar líon na ngearán a chuirfear faoi bhráid na hOifige seo a mhéadú, agus ní a laghdú, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma ar a laghad mar gheall ar na nósanna imeachta nua a cuireadh chun feidhme le déanaí maidir le hardú céime d'Oifigigh agus d'Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe agus mar gheall ar an tuilleadh atheagraithe a rinneadh ar Óglaigh na hÉireann. Tugtar cás-staistice níos mionsonraithe in áit eile sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Níl aon amhras go gcuireann aon laghdú i líon na gcásanna a cuireadh faoi bhráid an ODF le blianta beaga anuas cuma dhearfach ar chaighdeán níos fearr riaracháin laistigh d'Óglaigh na hÉireann agus ar an obair a rinne an ODF ina leith sin le seacht mbliana anuas. Is é sainchúram an ODF ná meicníocht neamhspleách, neamhchlaon agus inrochtana chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin agus maoirseacht a dhéanamh ar phróisis agus ar chleachtais riaracháin in Óglaigh na hÉireann a chur ar fáil. Imríonn an ODF ról leanúnach tábhachtach maidir lena chinntiú go ndéileáiltear le gearáin ar bhealach a urramaíonn nádúr Óglaigh na hÉireann agus na cearta atá ag a mbaill reatha agus ag a n-iarbhaill go léir, ag féachaint go cuí do riachtanais oibríochta i gcónaí.

Níl aon amhras go bhfuil tionchar dearfach ag oifig shibhialtach neamhspleách an ODF maidir le gearáin a réiteach laistigh d'Óglaigh na hÉireann. Ó bunaíodh an ODF, bhíodh ag súil go réiteofaí gearáin go himmheánach in Óglaigh na hÉireann ag luathchéim. Formhuiníonn an ODF an bhéim sin ar luathréiteach ina hiomláine. Faigheann sí tacaíocht freisin ó na húdaráis mhíleata agus ó bhaill aonair, agus iad ag cur thuairimí agus thorthaí an ODF i gcásanna aonair roimhe san áireamh. Ba chóir dom a admháil nár tháinig an bhéim sin ar luathréiteach chun cinn ach ón rannpháirtíocht agus ón gceannaireacht dhearfach atá taispeánta ag an Aire Cosanta, tUas. Alan Shatter TD, agus ag a réamhtheachtaithe, ag an gCeann Foirne, an Leifteanant-Ghinearál Seán McCann, agus ag a réamhtheachtaithe agus ag Oifigigh Shinsearach, in éineacht le baill d'Óglaigh na hÉireann agus lena gcomhlachtaí ionadaíocha. Mholfainn go gcuirfí béim athnuaite ar ghearáin a réiteach go luath laistigh den chóras um Shásamh in Éagóracha. Molaim Óglaigh na hÉireann i gcoitinne

ar chaighdeán na dtuarascálacha a chuir Oifig Fiosraithe Mhíleata (MIONna) le chéile agus ar an gcúram a thóg údaráis mhíleata chun a gcinntí a thaifeadadh ag gach céim. Molaim go ndéanfar breithniú ar bhearta a chur i bhfeidhm a chuirfidh le neamhspleáchas na nOifigeach Fiosraithe Mhíleata. Cé go bhfuilim eolach ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht as an amlíne 28 lá chun gearáin a shonraítear in alt 4(2)(d) den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 a réiteach, creidim go ndéanann amfhráma teoranta den sórt sin an phráinn riachtanach a ghabhann le gearáin a réiteach a chur chun cinn agus go gcabhraíonn sé le próiseas um luathréiteach. Mar sin féin, ba mhaith liom béim a leagan arís eile nach bhfuil údarás agam imscrúdú a dhéanamh ar an ngníomh a bhfuil gearán á dhéanamh ina leith ach amháin sa chás nach dócha go réiteofar gearán agus go ndeachaigh 28 lá thart ó rinneadh an gearán. Agus aird á tabhairt ar an ngá atá le gach meicníocht atá ar fáil a shaothrú ag an leibhéal is ísle agus is féidir, mholfainn do ghearánaigh a thuiscint nach bhfuil ceart acu an gearán a chur faoi bhráid na hOifige seo ar an mbonn go ndeachaigh 28 lá thart ó cuireadh iarratas ar Shásamh in Éagóracha isteach amháin. Má tharlaíonn sé go bhfuil na húdaráis mhíleata fós gníomhach sa phróiseas um Shásamh in Éagóracha tar éis 28 lá, déarfainn le gach gearánach go bhfuil sé chun a leasa féin fanacht le moltaí an Oifig Fiosraithe Mhíleata agus le rialú an Oifig Ghinearálta ábhartha i gCeannas (GOC) sula bhféachfar le hachomharc a dhéanamh chuig an Oifig seo, ach amháin i gcásanna ina dtiocfadh deacrachtaí údaráis as moill den sórt sin. Sa chás go n-iarrtar gearán a chur faoi bhráid na hOifige seo roimhe sin, d'fhéadfadh go gcuirfí breithniú míleata an ghearáin ar fionraí, rud a d'fhéadfadh nach mbeadh chun leas an ghearánaigh, lena n-áirítear i gcúinsí ina bhféadfaí teacht ar luathréiteach go fóill.

Beag beann ar an leas atá ag m'Oifig sa phróiseas um luathréiteach a chur chun cinn, áfach, creidim go bhfuil sé rithábhachtach go fóill go mbeidh nósanna imeachta gearán agus riaracháin Óglaigh na hÉireann fós faoi réir an iniúchta neamhspleách a chuireann an ODF ar fáil. Cosúil le saoránaigh eile, tá baill d'Óglaigh na hÉireann faoi réir dhlí sibhialta agus coiriúil na tíre seo. Murab ionann agus saoránaigh eile, áfach, tá ár 'saoránaigh faoi éide' faoi réir chód an dlí mhíleata dá bhforáiltear leis an Acht Cosanta, 1954, Rialacháin an Fhórsa Cosanta, Treoracha Riaracháin, orduithe i scríbhinn agus ó bhéal ón ardbhainistíocht, rudaí nach bhfuil feidhm acu ach amháin i gcomhlacht struchtúrtha ina bhfuil struchtúr slabhra ceannais. Is i gcúinsí uathúla den sórt sin a dhílsítear san ODF faoi alt 4 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 an chumhacht chun maoirseacht neamhspleách shibhialta a dhéanamh. Faoi réir teorainn ama 12 mhí, féadfaidh an tOmbudsman imscrúdú a dhéanamh ar ghníomh a rinne ball reatha nó iarbhall d'Óglaigh na hÉireann nó státseirbhíseach sa Roinn Cosanta, sa chás go bhfeictear dó nó di go raibh, nó go mb'fhéidir go raibh, tionchar díobhálach ag an ngníomh a ndearnadh gearán ina leith ar bhall nó ar iarbhall d'Óglaigh na hÉireann agus sa chás go ndearnadh nó go mb'fhéidir go ndearnadh an gníomh gan údarás cuí, go ndearnadh nó go mb'fhéidir go ndearnadh an gníomh ar fhoras neamhábhhartha, gur neamart nó neamh-aire nó go mb'fhéidir gur neamart nó neamh-aire ba chúis leis an ngníomh, go raibh nó go mb'fhéidir go raibh an gníomh bunaithe ar eolas earráideach

nó easpach, go raibh nó go mb'fhéidir go raibh an gníomh idirdhealaitheach go míchuí, go raibh an gníomh míréasúnta (fiú amháin i gcomhthéacs míleata), go raibh nó go mb'fhéidir go raibh an gníomh bunaithe ar chleachtas míchuibhiúil riaracháin, nó go raibh an gníomh thairis sin contrártha do riarachán cóir nó fóna, nó i gcásanna nárbh ordú a eisíodh le linn oibríocht mhíleata é an gníomh iontu. Tá gníomhartha áirithe eisiata ó imscrúdú an Ombudsman de bhun alt 5 d'Acht 2004. Is iad na gníomhartha sin ná gníomhartha ar thionscain an gearánach imeachtaí dlí ina leith i gcúirt shibhialta, gníomhartha a bhí nó atá faoi réir imscrúdaithe nó pionóis faoin dlí míleata, gníomhartha a bhaineann le slándáil nó le hoibríocht mhíleata (mar a shainmhínítear í san Acht) nó a théann i bhfeidhm ar shlándáil nó ar oibríocht mhíleata, gníomhartha a bhaineann leis na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse, gníomhartha a bhaineann le heagrúchán, le struchtúr agus le himscaradh Óglaigh na hÉireann, gníomhartha a bhaineann le riar na bpríosún míleata nó na n-ionad coinneála, nó gníomhartha a rinneadh roimh an 1 Nollaig 2005. D'éagmais an ODF a bheith mar oifig neamhspleách a dhéanann imscrúdú ar aon ghearán den sórt sin a rinne ball nó iarbhall d'Óglaigh na hÉireann, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar ghearán den sórt sin, agus thabharfaí aghaidh ar ghearán den sórt sin i gcásanna áirithe, trí Athbhreithniú Breithiúnach san Ard-Chúirt, rud lena ngabhadh costais shuntasacha dhlíthiúla don ghearánach agus don Stát. Ina theannta sin, creidim go bhfuil an struchtúr neamhsháraíochta a chuireann an ODF ar fáil ar an mbealach is fearr chun déileáil le gearáin agus le hábhair inní faoi nósanna imeachta agus faoi chleachtais toisc go dtugann an struchtúr sin deis chun caidreamh idirphearsanta a choimeád ar bun agus toisc go n-éascaíonn an struchtúr rannpháirtíocht dhíreach na bpáirtithe lena mbaineann. Ina leith sin, ag féachaint do na leibhéil acmhainní atá ar fáil, creidim go leanann an ODF ar aghaidh le luach den scoth ar airgead a sholáthar.

Cé go bhfuil an córas um Shásamh in Éagóracha ar fáil do gach ball d'Óglaigh na hÉireann ó bhunú an Stáit, chuir na páirtithe uile fáilte roimh an athbhreithniú neamhspleách seachtrach ag Ombudsman sibhialta, rud a tugadh isteach le déanaí. I gcás eagraíocht struchtúrtha ar nós Óglaigh na hÉireann, agus níos mó ná 10,000 duine – idir fhir agus mhná – iontu, tá sé tábhachtach go bhfuil córas atá ar bhonn foirmiúil ann, rud trínar féidir gearáin a imscrúdú agus a réiteach agus nach gcuireann isteach ar an eagraíocht agus a ról á chomhlíonadh aici. Go loighciúil, ní mór gnéithe den saol míleata a bheith lasmuigh d'údarás an Ombudsman, faoi mar a léirítear na gnéithe sin thuas agus mar a dhéantar foráil dóibh sa reachtaíocht lena cuireadh an oifig seo ar bun. Mar sin féin, ba chóir féachaint ar na tuarascálacha ar ghearáin a imscrúdaítear agus a eisítear laistigh d'údarás an Ombudsman mar rannchuidiú dearfach maidir le cleachtais chóra fhóna riaracháin a fhorbairt agus a fheabhsú agus maidir le gnásanna chearta an duine a fheabhsú laistigh d'fhórsa míleata atá forásach agus gairmiúil. Ba chóir do bhaill agus d'iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann bheith ar a suaimhneas go n-éistfear le fíorghearán agus go méadófar dóchúlacht go réiteofar an gearán sin go himmheánach. Mura réitítear é ar an mbealach sin, is í an Oifig seo a dhéanfaidh breithniú ar an ngearán ar bhealach neamhchlaon neamhspleách. Tá gearáin ina

bpríomhuirlis is féidir le húdaráis mhíleata a úsáid chun léargas agus aiseolas a fháil ar phróisis agus ar nósanna imeachta nach bhfuil ag feidhmiú chomh maith mar ba chóir nó ar phróisis agus ar nósanna imeachta a bhféadfaí feabhas a chur orthu. Is féidir a rá go réasúnta go bhfuil gearáin úsáideach maidir le nuálaíocht agus le hathrú a bhrú chun cinn, go háirithe i gcásanna ina nochtann siad mainneachtainí córais agus nós imeachta. Trí raon cásanna a imscrúdú agus a bhreithniú, ba chóir féachaint ar an ODF mar acmhainn luachmhar maidir le feabhas dearfach a chur ar riarachán laistigh d’Óglaigh na hÉireann.

Nuair a chuirtear casaoidí faoi bhráid an ODF, is gnách do ghearánaigh, a gcreideann go ndearnadh éagóir orthu agus gur caitheadh go héagórach leo, bheith ag súil go mbeidh leigheas ar fáil dóibh sa chás go seastar lena gcasaid tar éis a fháil amach go raibh údar léi. Agus cineál na gcásanna a chuirtear faoi bhráid an ODF á chur san áireamh, is é a d’fhéadfadh bheith i gceist leis an leigheas sin ná go dtugtar ardú céime don ghearánach, go dtugtar áit don ghearánach ar chúrsa gairme nó go dtugtar postú nó dualgas ar leith don ghearánach. Uaireanta, bíonn sé doiligh leigheas den sórt sin a chur i bhfeidhm toisc go bhfuil an cúrsa ar leith tosaithe nó thart cheana féin, go bhfuil dualgas ar leith, amhail dualgas thar lear, imithe cheana féin, nó go bhfuil folúntais ardú céime líonta cheana féin de bharr comhaontuithe nua um ardú céime. Ina leith sin, aithníonn an ODF an fhoighne agus an réadúlacht a thaispeáin baill agus iarbhaill d’Óglaigh na hÉireann agus an dóigh ar ghlac siad le réaltachtaí áirithe. Beag beann ar leigheas a bheith in easpa i gcásanna áirithe, chuir gearánaigh in iúl don ODF go raibh siad sásta go ndearnadh imscrúdú ar an gcasaid a bhí acu, gur seasadh leis an gcasaid agus gur tugadh le fios dóibh go raibh an ceart acu san ábhar.


Is minic a bhíonn leigheas oiriúnach in easpa de bharr na moille ama idir tarlú an ghnímh a bhfuil gearán á dhéanamh ina leith agus eisiúint na dtorthaí agus na moltaí deiridh ón ODF. Beag beann ar na hacmhainní an-teoranta atá ar fáil don ODF ó thaobh airgeadais agus soláthar foirne de araon, tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ar nósanna imeachta inmheánacha le linn na bliana 2013 d’fhonn nósanna imeachta a chuíchóiriú agus, nuair is féidir, éifeachtúlachtaí a thabhairt isteach ar mhaithe le cur ar aghaidh cásanna a fheabhsú. Ní hionann gach cás agus bíonn cásanna áirithe níos casta, ó thaobh cúrsaí dlí agus riaracháin de araon, ná cinn eile. Cé gur féidir cás amháin a chur ar aghaidh go gasta, mar sin, seans nach féidir é sin a dhéanamh i gcás eile. Ina ainneoin sin, is é beartas an ODF idirghabháil a dhéanamh go díreach agus go luath i ngach cás inar cosúil go bhféadfadh idirghabháil den sórt sin cur le luathréiteach an ábhair idir na páirtithe lena mbaineann. Sa chás go bhfuil dea-thoil ar thaobh na bpáirtithe go léir agus go nglacann siad le cur chuige neamhchlaon, tá an ODF sásta gur féidir casaoidí a réiteach i mórán cásanna ag luathchéim nuair a bhíonn leigheasanna oiriúnacha fós ar fáil. Creideann an ODF go bhfuil tionscnamh luath-idirghabhála chun tairbhe ní amháin do ghearánaigh aonair ach do na húdaráis mhíleata freisin maidir le dea-thimpeallachtaí agus le dea-chaidreamh oibre a choinneáil agus a fhorbairt.

Mar a tugadh faoi deara i dTuarascálacha Bliantúla roimhe ón ODF, tá moltaí a bhaineann le hathchóiriú riaracháin agus córasach á ndéanamh ó bhunú an ODF. Tá dualgas ar an ODF go fóill monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme aon mholta den sórt sin arna ghlacadh ag an Aire Cosanta. Táim sásta a admháil gur tríd an mBuan-Choiste ar Shaincheisteanna Polasaí Pearsanra Óglaigh na hÉireann a thugann an Roinn Cosanta nuashonruithe rialta don ODF maidir le stádas cur chun feidhme na n-athchóirithe a thagann as moltaí an ODF. Feictear dom, áfach, go dtógtar tréimhse rófhada ama chun na hathchóirithe sin a chur chun feidhme i gcásanna áirithe. Sa bhliain 2013, mar sin, táthar ag súil go ndéanfaidh an ODF, i gcomhar leis an Roinn Cosanta, iniúchadh ar athchóirithe riaracháin agus córasacha atá fós amuigh agus go gcomhaontóidh siad, nuair is cuí, amscálaí chun athbhreithniú inmheánach Míleata/Roinne a dhéanamh agus a chur i gcrích agus chun na hathchóirithe sin a chur chun feidhme.

Le linn na bliana 2012, lean an ODF le dul i dteagmháil le Comhdháil Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Ombudsman d'Fhórsaí Armtha (ICOAF) – grúpa na nOifigí Ombudsman nó na gCigireachtaí sna Fórsaí Armtha.

Ba mhaith leis an ODF aitheantas a thabhairt don tacaíocht agus don rannpháirtíocht atá tugtha ag an gCeann Foirne, an Leifteanant-Ghinearál Seán McCann, agus ag a chomhghleacaithe in Oifig Stiúrthóir na Rannóige Bainistíochta Acmhainní Daonna (D HRMS), in Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte (EPMO) agus in Oifig Bainistíochta na nOifigeach Coimisiúnaithe (COMO) agus don tacaíocht agus don rannpháirtíocht a leanann siad le tabhairt d'obair an ODF. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don tacaíocht agus don chomhoibriú a thug an tAire Cosanta, an tUas. Alan Shatter TD, agus a Fheidhmeannaigh Roinne le linn na bliana 2012.

Bliain inar tugadh athruithe suntasacha isteach in Óglaigh na hÉireann ba ea an bhliain 2012. Tugadh comhaontuithe nua um ardú céime isteach d'Oifigh agus d'Oifigh Neamhchoimisiúnaithe araon. Bhí na comhaontuithe sin mar dhúshraith do chomórtais ardú céime le linn na bliana. Tá dúshlán nua mar thoradh dosheachanta ar aon chóras nua a thabhairt isteach, go háirithe i gcás córas nua um ardú céime. Chomh maith leis sin, rinne an Rialtas agus na húdaráis mhíleata athruithe suntasacha ar struchtúr Óglaigh na hÉireann, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'ualach cásanna na hOifige seo. Déanfaidh an Oifig seo dlúthmhonatóireacht ar aon treochtaí atá ag teacht chun cinn, ach rachaidh roinnt ama thart go dtí go bhfeicimid cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh an córas nua um ardú céime nó atheagrú Óglaigh na hÉireann difear iarbhrí d'ualach cásanna na hOifige seo.



Patrick Anthony McCourt
An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann



II Buaicphointí 2012

- Fuarthas 127 Fógra Gearán sa bhliain 2012. Áirítear leis an bhfigiúr sin 5 ghearán a cuireadh go díreach faoi bhráid an ODF. Is ionann é sin agus méadú suntasach ar na 78 fógra a fuarthas le linn 2011 agus ar na 62 fógra a fuarthas le linn 2010.
- Is cosúil gur aisíompaíodh sa bhliain 2012 an treocht anuas a taifeadadh roimhe sin i líon na ngearán a cuireadh in iúl don Oifig seo, treocht a tuairiscíodh sa Tuarascáil do 2011. D'fhéadfadh sé sin a léiriú go mbeidh méadú eile amach anseo i líon na ngearán a chuirfear faoi bhráid na hOifige seo lena mbreithniú. Beidh gá leis an treocht sin a mhonatóiriú chun a chinneadh cé acu is aisíompú gearrthéarmach nó is aisíompú fadtéarmach é ar an treocht anuas a taifeadadh roimhe sin.
- Rinneadh 53 cás reatha a bhí faoi athbhreithniú a thabhairt ar aghaidh ó 2011 go 2012.
- Cuireadh 24 cás nua faoi bhráid an ODF le linn 2012. B'ionann é sin agus laghdú suntasach ar na 32 gearán nua a cuireadh faoi bhráid an ODF in 2011.
- Bhí 77 cás faoi athbhreithniú iarbhrí ag an ODF le linn 2012. Is ionann é sin agus laghdú ar na 89 cás a bhí faoi athbhreithniú in 2011. Ag féachaint don mhéadú i líon na ngearán a cuireadh in iúl le linn na bliana, is cosúil nach leanfaidh an laghdú sin sa bhliain 2013.
- Eisíodh 22 Tuarascáil Deiridh le linn 2012. Is é a bhí sna tuarascálacha sin ná breithiúnais agus moltaí araon.
- Eisíodh 14 Thuarascáil Réamhthuirime le linn 2012. Is é a bhí sna tuarascálacha sin ná réamhthuirimí agus iarratais le haghaidh faisnéis bhreise agus barúlacha eile.
- Ag deireadh na bliana 2012, bhí 55 cás san iomlán fós faoi athbhreithniú ag an ODF.
- Chuir an Chéad Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann, Paulyn Marrinan-Quinn S.C., a téarma Oifige i gcrích an 18 Meán Fómhair 2012.
- Rinne Uachtarán na hÉireann, ar mholadh an Rialtais, an Dara hOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann, Patrick Anthony McCourt, a cheapadh ar feadh téarma trí bliana, le héifeacht ón 7 Samhain 2012. Cuimsíodh i dtéarmaí agus coinníollacha an cheapacháin, faoi mar a shocraigh an tAire iad, go dtabharfar luach saothair don cheapachán ar bhonn páirtaimseartha, is é sin, trí lá in aghaidh na seachtaine.
- Tionscnaíodh imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh san Ard-Chúirt an 21 Samhain 2012 i ndáil le ceapachán an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.



III Anailís ar Ghearáin agus Achomhairc

Fógraí Gearáin

Fuair an Oifig 127 Fógra Gearáin (lenar airíodh gearáin a cuireadh go díreach faoina bráid) ó Óglaigh na hÉireann le linn na bliana 2012. Ba iad pearsanra reatha nó iarphearsanra céimeanna eile a rinne 115 ceann de na gearáin sin agus ba iad oifigigh choimisiúnaithe reatha nó iar-oifigigh choimisiúnaithe a rinne an dá ghearán déag eile. B'ionann é sin agus méadú suntasach 63% ar na 78 Fógra Gearáin a fuarthas sa bhliain 2011. Is ionann é sin freisin agus aisiompú ar an treocht anuas a tuairiscíodh roimhe i líon na ngearán a bhí á gcur isteach.

Fágann na socrúithe reatha riaracháin atá ann idir an Oifig agus Óglaigh na hÉireann nach féidir leis an Oifig seo na cúiseanna leis an méadú sin a aithint go luath. Tá seans maith go mbaineann an méadú le cur chun feidhme an chomhaontaithe nua um chomórtas ardú céime d'Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe sa bhliain 2012 agus/nó le hatheagrú struchtúr Óglaigh na hÉireann. Féachfaidh mé ar an bhféidearthacht go soláthrófar roinnt faisnéis bhreise faoi na Fógraí Gearáin a fuair an Oifig ina leith sin.

Ina theannta sin, fuair an ODF 37 teagmháil dhíreach ó bhaill d'Óglaigh na hÉireann nó ó dhaoine den phobal maidir le ceisteanna, le hábhair imní nó le hiarratais faisnéise. Bhí roinnt teagmhálacha díreacha ann freisin idir an ODF agus na hÚdaráis Mhíleata agus baill aonair maidir le cásanna aonair. Ní thaifeadtar teagmhálacha den sórt sin chun críche staidrimh, áfach.

Maidir le líon na ngearán den sórt sin a tarraingíodh siar nó a réitíodh laistigh d'Óglaigh na hÉireann, thuairiscigh mo réamhtheachtaí gur thug sí faoi deara, bunaithe ar anailís ar na trí bliana roimhe, gur réitíodh 46% d'Fhógraí Gearáin laistigh d'Óglaigh na hÉireann ag an gcéim um Shásamh in Éagóracha sa bhliain 2011, cé nár réitíodh ach 21% díobh sa bhliain 2009. B'ionann an figiúr inchomparáide do 2012 agus 37%. Is ionann é sin agus aisiompú beag ar fhigiúr na bliana roimhe agus is cosúil go bhfuil sé róluath aon treocht ar leith a thuar bunaithe ar fhigiúirí na bliana 2012 amháin.

Gearáin a cuireadh go díreach faoi bhráid na hOifige

Ní mór do bhaill reatha de na hÓglaigh Bhuana agus Chúltaca a ngearáin a phróiseáil ar dtús tríd an nós imeachta reachtúil um Shásamh in Éagóracha (alt 114 den Acht Cosanta 1954) agus ní mór dóibh próiseas inmheánach Óglaigh na hÉireann a shaothrú ina iomláine sula gcuirfidh siad gearán faoi bhráid na hOifige seo. Is féidir le hiarbhaill d'Óglaigh na hÉireann a ngearáin a chur go díreach faoi bhráid na hOifige seo, faoi réir cheanglais an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

Sa bhliain 2012, cuireadh 5 ghearán go díreach faoi bhráid na hOifige seo. I gcomparáid leis sin, cuireadh 8 ngearán go díreach faoi bhráid mo réamhtheachtaí sa bhliain 2011. Ní chuirim aon tábhacht ar leith i leith na difríochta idir an figiúr do 2011 agus an figiúr do 2012.

Cásanna Nua a fuair an ODF in 2012

Rinneadh 53 cás a bhí faoi athbhreithniú ag an Oifig seo a thabhairt ar aghaidh an 1 Eanáir 2012. Le linn na bliana 2012, fuair an Oifig seo 24 cás nua. Bhí na cásanna sin mar seo a leanas:

- Bhí 9 gcás ina n-achomhairc ar ghearáin faoin gcóras um Shásamh in Éagóracha a tionscnaíodh sa bhliain 2012
- Bhí 10 gcás ina n-achomhairc ar ghearáin faoin gcóras um Shásamh in Éagóracha a tionscnaíodh sa bhliain 2011 nó ní ba luaithe agus a achomharcadh sa bhliain 2012
- Cuireadh 5 chás go díreach faoi bhráid na hOifige seo le linn na bliana 2012, ar measadh 2 cheann díobh a bheith lasmuigh de théarmaí tagartha an ODF.

Líon iomlán na gcásanna a bhí faoi athbhreithniú le linn 2012

Mar aon leis na 24 cás nua a cuireadh faoi bhráid na hOifige seo le linn na bliana 2012, leanadh ar aghaidh le breithniú a dhéanamh ar 53 cás a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2011. Dá bhrí sin, bhí 77 cás san iomlán faoi athbhreithniú ag an Oifig seo le linn 2012.

Tugadh 22 cás díobh siúd i gcrích le linn na bliana 2012. Bhíothas den tuairim go raibh dhá chás lasmuigh de théarmaí tagartha mo réamhtheachtaí agus bhí fiche cás faoi réir Tuarascálacha Deiridh foirmiúla. Bhí 55 cás fós faoi athbhreithniú an 31 Nollaig 2012 agus tugadh ar aghaidh iad lena mbreithniú sa bhliain 2013.


Sonraí maidir le Gearáin a nDearna an ODF Imscrúdú Orthu sa Bhliain 2012

Leagtar amach sna Táblaí seo a leanas cineál na ngearán a ndearna an Oifig seo breithniú orthu le linn na bliana 2012. Leagtar amach na gearáin de réir grúpa míleata iontu. Ba chóir a thabhairt faoi deara go n-áirítear le gearáin atá catagóirithe mar ‘Drochriarachán’ raon saincheisteanna éagsúla a bhain, mar shampla, le gearáin a rinneadh faoi bhreithmheas feidhmíochta agus saincheisteanna a bhain le scaoileadh, i measc nithe eile. Áirítear le gearáin atá catagóirithe mar ‘Saincheisteanna Idirphearsanta’ aon ghearáin inar chosúil go raibh coinbhleacht phearsantachta, iompar míchuí nó bulaíocht líomhanta iontu.

Iomlán na gCásanna

Léirítear sa tábla seo a leanas an dul chun cinn a rinneadh ar na 77 cás sin le linn na bliana 2012.


TÁ AN RÉAMH-IMSCRÚDÚ AR SIÚL	CUIREADH RÉAMH-IMSCRÚDÚ I GCRÍCH AGUS EISÍODH TUARASCÁIL	EISÍODH TUARASCÁIL DEIRIDH
41 (53%)	14 (13%)	22 (34%)



Cásanna de réir Grúpa Míleata

De na 77 cás a bhí ar láimh le linn na bliana, leagtar amach sa tábla seo a leanas líon na gcásanna a tháinig chun cinn i ngach Grúpa Míleata.

IÚ BHRIOGÁID AN DEISCIRT	2Ú BRIOGÁID AN OIRTHIR	4Ú BRIOGÁID AN IARTHAIR	CEANN- CHEATHRÚ ÓGLAIGH NA HÉIREANN	IONAD OILIÚNA ÓGLAIGH NA HÉIREANN	AN TAERCHÓR	AN TSEIRBHÍS CHABHLAIGH	IOMLÁN
8 (11%)	15 (19%)	22 (29%)	3 (4%)	10 (13%)	13 (16%)	6 (8%)	77



Cineál na gCásanna. Is féidir cineál na gcásanna ar láimh laistigh den ODF le linn na bliana 2012 a mhiondealú sna mórchatagóirí seo a leanas .

DROCHRIARACHÁN	21 (27%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH ARDÚ CÉIME	23 (30%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH CÚRSA GAIRME	15 (19%)
SAINCHEISTEANNA IDIRPHEARSANTA	8 (11%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH SEIRBHÍS THAR LEAR NÓ POSTÚ AR LEITH	10 (13%)



Sonraí faoi na Cásanna de réir Grúpa. Leagtar amach sna táblaí agus sna cairteacha seo a leanas cineál na gcásanna a bhí ar láimh le linn na bliana 2012, iad miondealaithe de réir Grúpaí Míleata.

IÚ BHRIOGÁID AN DEISCIRT

DROCHRIARACHÁN	2 (25%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH ARDÚ CÉIME	2 (25%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH CÚRSA GAIRME	1 (12.5%)
SAINCHEISTEANNA IDIRPHEARSANTA	1 (12.5%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH SEIRBHÍS THAR LEAR NÓ POSTÚ AR LEITH	2 (25%)



2Ú BRIOGÁID AN OIRTHIR

DROCHRIARACHÁN	4 (26%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH ARDÚ CÉIME	3 (20%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH CÚRSA GAIRME	4 (26%)
SAINCHEISTEANNA IDIRPHEARSANTA	2 (14%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH SEIRBHÍS THAR LEAR NÓ POSTÚ AR LEITH	2 (14%)




4Ú BRIOGÁID AN IARTHAIR

DROCHRIARACHÁN	9 (40%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH ARDÚ CÉIME	6 (27%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH CÚRSA GAIRME	5 (23%)
SAINCHEISTEANNA IDIRPHEARSANTA	1 (5%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH SEIRBHÍS THAR LEAR NÓ POSTÚ AR LEITH	1 (5%)



CEANNCHEATHRÚ ÓGLAIGH NA HÉIREANN

DROCHRIARACHÁN	CEANN AR BITH
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH ARDÚ CÉIME	2 (66.6%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH CÚRSA GAIRME	1 (33.3%)
SAINCHEISTEANNA IDIRPHEARSANTA	CEANN AR BITH
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH SEIRBHÍS THAR LEAR NÓ POSTÚ AR LEITH	CEANN AR BITH



IONAD OILIÚNA ÓGLAIGH NA HÉIREANN

DROCHRIARACHÁN	3 (30%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH ARDÚ CÉIME	1 (10%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH CÚRSA GAIRME	CEANN AR BITH
SAINCHEISTEANNA IDIRPHEARSANTA	1 (10%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH SEIRBHÍS THAR LEAR NÓ POSTÚ AR LEITH	5 (50%)




AN TÁERCHÓR

DROCHRIARACHÁN	4 (30%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH ARDÚ CÉIME	5 (38%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH CÚRSA GAIRME	1 (8.5%)
SAINCHEISTEANNA IDIRPHEARSANTA	1 (8.5%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH SEIRBHÍS THAR LEAR NÓ POSTÚ AR LEITH	2 (15%)



AN TSEIRBHÍS CHABHLAIGH


DROCHRIARACHÁN	CEANN AR BITH
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH ARDÚ CÉIME	3 (50%)
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH CÚRSA GAIRME	3 (50%)
SAINCHEISTEANNA IDIRPHEARSANTA	CEANN AR BITH
NEAMH-ROGHNÚ LE HAGHAIDH SEIRBHÍS THAR LEAR NÓ POSTÚ AR LEITH	CEANN AR BITH



Moltaí an ODF

SHEAS AN ODF LEIS AN nGEARÁN	14
NÍOR SHEAS AN ODF LEIS AN nGEARÁN	8*


*ÁIRÍTEAR LEIS AN bhFIGIÚR SIN 2 GHEARÁN A bhÍ LASMUIGH DE THÉARMAÍ TAGARTHA AN ODF



Freagra an Aire ar Mholadh an ODF

GHLAC AN TAIRE LEIS AN MOLADH	17*
NÍOR GHLAC AN TAIRE LEIS AN MOLADH	3

*bhÍ 2 GHEARÁN EILE LASMUIGH DE THÉARMAÍ TAGARTHA AN ODF AGUS ní DHEARNADH AON MHLADH DON ÁIRE INA LEITH





IV Achoimrí ar Chásanna

Sna hachoirí seo a leanas ar chásanna, leagtar amach sonraí ar roinnt de na cásanna a ndearna an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann imscrúdú orthu le linn na bliana 2012. Leagtar amach freisin freagra an Aire Cosanta ar thorthaí agus ar mholtaí an Ombudsman.

Achoimre ar Chás 1

Próiseas um roghnú ardú céime d’Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe – céim an Cheathrúsháirsint Bataire – ceist maidir le cé acu a cuireadh nó nár cuireadh raon iomlán taithí san áireamh – sinsearach – seirbhís thar lear – rátáil AF 667A – DFR A 10 – Treoir Riaracháin Chuid 10 – Bord Agallaimh – córas comhaontaithe trédhearcach marcála in easpa – níor coinníodh nótaí.

Rinne an Gearánach iarratas ar fholúntas mar Cheathrúsháirsint Bataire ach níor éirigh leis. Dúirt an Gearánach gur pionósaíodh é go héagórach toisc nár sheirbheáil sé thar lear ar bhonn níos rialta agus dúirt sé nár tugadh aird chuí ar a raon iomlán taithí agus ar a leibhéal freagrachta.

Le linn na Tuarascála Réamthuirime, thug an ODF faoi deara gur baineadh siar aisti nuair a luaigh Óglaigh na hÉireann gur bhain baill den Bhord Agallaimh úsáid as a gcóras pointí féin sa chás seo. D’iarr an ODF soiléiriú maidir leis an dóigh ar riaradh an córas sin agus fuair sí amach go raibh an freagra in easnamh substainte. Thug sí faoi deara go rabhtas ag fanacht le córas nua um ardú céime d’Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe le fada an lá agus nár thug sé sin údar le gan modheolaíocht chomhordaithe chomhaontaithe a bheith á húsáid ag an mBord idir an dá linn.

Thug an ODF faoi deara go ndearna an Gearánach iarratas roimhe sin ar thréimhse a chaitheamh mar Cheathrúsháirsint Bataire Gníomhach agus nach bhfuair sé freagra ó na húdaráis mhíleata. Bhí an ODF den tuairim go raibh sé an-mhíshásúil gan freagra a thabhairt don Ghearánach ar bhealach nár thug ach beagán airde ar thábhacht an fhiosrúcháin agus gur tháinig dochar as an mbeagán airde sin.

Rinne an ODF scrúdú freisin ar raon taithí an Ghearánaigh dár tagraíodh i dTuarascáil an Bhoird. Thug sí faoi deara gur tagraíodh dó sin i dtéarmaí ginearálta, rud a d’fhág go raibh sé doiligh a rá go cinnte cé acu a cuireadh nó nár cuireadh gach gné den taithí sin san áireamh agus luaigh sí gur taifeadadh i dTuarascáil chonspóideach maidir le seirbhís Thar Lear a rinneadh mórán blianta ó shin go raibh an Gearánach “neamhoiriúnach do Sheirbhís Thar Lear” amach anseo.

Fuair an ODF amach nach mbeadh sí in ann a mholadh go ndéanfaí an sásamh a bhí á lorg ag an nGearánach a dheonú dó, is é sin, ardú céime a thabhairt dó go dtí céim an Cheathrúsháirsint Bataire toisc nach raibh go leor fianaise ann chun tacú leis an éileamh gur caitheadh leis ar bhealach éagórach nó claonta. Tháinig an ODF ar an gconclúid,

áfach, go raibh easpa trédhearcachta ann nuair a bhí an Próiseas Roghnaithe á riar. D'aithin sí an dea-sheirbhís a rinne an Gearánach agus é ag tarraingt aird ar an ngá a bhí le hathchóiriú a dhéanamh ar Nósanna Imeachta um Roghnú Ardú Céime d'Oifigh Neamhchoimisiúnaithe, rud a raibh gá leis le fada. D'aithin an ODF freisin go raibh údar leis an inní a bhí ar an nGearánach nach raibh deis aige ceisteanna a ardú faoin drochthuairim a cuireadh in iúl i dtuarascáil AF667A ar a chomhad, rud a d'fhéadfaí a léamh ina dhiaidh sin ar bhealach a chothódh drochthuairim ar a thaifead.

Mhol an ODF go ndéanfaí athbhreithniú ar na treoracha cleachtais a tugadh do Bhoird Agallaimh maidir le nótaí a choinneáil. Leag sí béim ar an bhfíric gur tháinig an cheist sin chun cinn i roinnt cásanna agus go raibh sí faoi réir moltaí ó Ghrúpa Neamhspleách Monatóireachta agus ón Roinn Cosanta.

Thug an tAire Cosanta le fios ina dhiaidh sin gur tugadh comhaontú nua um ardú céime d'Oifigh Neamhchoimisiúnaithe isteach, comhaontú a sháródh na ceisteanna a bhaineann le córas comhaontaithe marcála agus le coinneáil nótaí.

Achoimre ar Chás 2

Bord Agallaimh um Ardú Céime – cinneadh an comórtas a athreachtáil – moill ar Bhord Agallaimh nua a thionól de bharr tosa seachtracha – imeachtaí dlí – idirghabháil PDFORRA – moratóir ar earcaíocht – cumarsáid neamhleor.

Bhí an Gearánach ar dhuine amháin de chúigear iarrthóirí ar mheas Bord Agallaimh iad a bheith oiriúnach d'ardú céime sa bhliain 2006. Ba é an tríú hiarrthóir ab fhearr san ord rogha. Tar éis ábhair inní áirithe a ardú, cinneadh an Bord Agallaimh a ationól chun neamhchlaontacht agus cothroime a chinntiú. Cuireadh an cinneadh sin in iúl do gach duine den chúigear iarrthóirí. Tháinig roinnt “gníomhartha seachtracha” chun cinn agus, mar thoradh orthu sin, bhí an t-ábhar ar siúl thar roinnt blianta. Ar an gcéad dul síos, thionscain duine de na hiarrthóirí imeachtaí dlí. Ar an dara dul síos, rinne PDFORRA uirill inar lorgaíodh dearbhú go réachtálfaí an comórtas de réir Threoir Riaracháin A Chuid 10. Ar an tríú dul síos, chuir an Roinn Airgeadais Moratóir ar Earcaíocht agus Ardú Céime sa tSeirbhís Phoiblí chun feidhme i mí an Mhárta 2009. Ba é casaoide an Ghearánaigh ná a) gur fágadh dall é ar feadh tréimhsí fada ama; b) gur tugadh ardú céime do dhaoine eile laistigh den Aerchór tar éis an Moratóir a chur i bhfeidhm. Agus ardú céime á dhiúltú dó, dúirt an Gearánach go ndearnadh éagóir air.

Fuair an ODF amach go raibh dea-chúis ag an nGearánach le gearán a dhéanamh de bharr na bpróiseas neamhleor cumarsáide a bhí ann, próisis as ar eascair tréimhse fhada éiginnteachta faoi na torthaí, faoi na cúiseanna leis na moilleanna agus faoi stádas an Chomórtais. Ní raibh an ODF in ann a mholadh go ndéanfaí an sásamh a bhí á lorg aige a dheonú dó, áfach. Cé gur chuid dá chasaoide í easpa faisnéise a tugadh dó, measadh gurbh é an phríomhchúis leis an ngearán ná riarachán an Chomórtais Ardú Céime sa bhliain 2006.

Cé go bhféadfadh cúis réasúnta a bheith ag an nGearánach lena chreidiúint go gceapfaí é dá n-athreáchtálfai an comórtas, bhí an ODF den tuairim nach bhféadfadh sé bheith cinnte faoi sin. D'aithin an ODF go raibh díomá ar an nGearánach toisc gur diúltaíodh deis dó dul ar aghaidh le haghaidh ardú céime. D'aithin sí freisin go raibh frustrachas air mar gheall nár cuireadh an comórtas ar siúl arís tráth a ghearáin.

D'iarr an ODF ar Óglaigh na hÉireann faisnéis a thabhairt maidir le líon na n-arduithe céime a tugadh ó forchuireadh an Moratóir. Bhí an ODF den tuairim gur thug Óglaigh na hÉireann freagra cuimsitheach di, rud inar míníodh gur tugadh ocht n-ardú céime den sórt sin laistigh den Aerchór. Cheadaigh an Roinn Airgeadais na harduithe céime sin ar an mbonn gur tugadh na próisis chomórtais i gcrích sular tháinig an Moratóir i bhfeidhm.

Bhí an Gearánach míshásta freisin go raibh rochtain ag an Oifigeach Fiosraithe Mhíleata sa chás seo ar choipeanna de chásanna roimhe Sásaimh in Éagóracha a bhí ina chomhad pearsanta. Fuair an ODF amach nach ndearnadh aon éagóir ina leith sin agus go raibh sé ar aon dul leis an gcleachtas a bhí i réim ag an am cásanna roimhe Sásaimh in Éagóracha a choinneáil ar chomhad pearsanta an duine.

Cheap an ODF gur thug Óglaigh na hÉireann an fhaisnéis riachtanach di faoin dóigh ar déileáladh le harduithe céime i gcúinsí a bhí an-deacair. Chreid sí gur tháinig tosca chun cinn nach raibh smacht ag Óglaigh na hÉireann orthu. Mar sin, ní raibh sí in ann a mholadh i gceart go ndeonófaí an sásamh a bhí á lorg. Mar sin féin, mhol an ODF go ndéanfaí athbhreithniú ar chleachtais chumarsáide inmheánaí, go háirithe maidir le cé atá freagrach as faisnéis a thabhairt d'iarrthóirí atá ag feitheamh le toradh ó nós imeachta um ardú céime nó roghnú, rud a rachadh i bhfeidhm ar fhorbairt ghairme.

Ghlac an tAire Cosanta le torthaí an ODF agus chuir sé in iúl gur comhaontaíodh nós imeachta nua um ardú céime d'Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe an 27 Feabhra 2012, rud lenar cuireadh nósanna imeachta láidre um scaipeadh faisnéise ar iarrthóirí i bhfeidhm agus lenar leagadh amach go soiléir na freagrachtaí atá ar dhaoine éagsúla sa slabhra ceannais ina leith sin.

Achoimre ar Chás 3

Neamhroghnú le haghaidh seirbhís thar lear – Téarmaí na Litreach Treorach – ceist maidir le cé acu a bhain nó nár bhain le hábhar taifead comhsheasmhach an Ghearánaigh maidir le hiarratas a dhéanamh – nós imeachta éigeantach um roghnú – coincheap na príomhbhriogáide – drochriarachán.

Rinne an Gearánach iarratas ar sheirbhís thar lear laistigh den 102ú Cathlán Coisithe a bheadh le dul ar seirbhís i Sead. Níor éirigh leis an iarratas sin. Líomhain sé go ndearnadh éagóir air de bharr dhrochriarachán na gcritéar roghnaithe.

Ina Tuarascáil Réamhthuairime, d'iarr an ODF ar Óglaigh na hÉireann soiléiriú a thabhairt maidir le roinnt saincheisteanna. Ba iad na saincheisteanna ba thábhachtaí díobh sin ná cé acu a cuireadh nó nár cuireadh an Litir Threorach dar dháta an 31 Iúil 2006 (Nósanna Imeachta Eatramhacha Nua um Roghnú) ón Leas-Cheann Tacaíochta Foirne i bhfeidhm sa chás seo agus cé acu a bhí nó nach raibh an “nós imeachta éigeantach um roghnú” dár tagraíodh i litir dar dháta an 27 Meán Fómhair 2007 ón Oifig i gCeannas ar an Scéim um Chomhréiteach agus Eadráin i bhfeidhm ag an am sin.

Maidir leis an gcéad saincheist, chuir Óglaigh na hÉireann in iúl don ODF gur dheimhnigh an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata gur cuireadh na nósanna imeachta um roghnú i bhfeidhm i gceart sa chás seo. Bhí an ODF den tuairim go raibh an freagra sin míshásúil sa mhéid nár glacadh le dearcadh neodrach chun barúil an Oifigigh Imscrúdaithe Mhíleata a mheas. Thug an ODF faoi deara gur foráladh i Mír 5(f) (3) den Litir Threorach go ndéanfaí “iad siúd nach ndearna seirbhís thar lear go fóill, iad siúd a bhfuil taifead comhsheasmhach acu iarratas a dhéanamh ar Sheirbhís Thar Lear nó iad siúd a bhfuil an tréimhse is faide caite acu ó Sheirbhís Thar Lear a dhéanamh a mheas san ord sin”.

Bhí taifead an Ghearánaigh maidir le hiarratas a dhéanamh ar Sheirbhís Thar Lear ní ba chomhsheasmhaí ná taifead na ndaoine siúd a roghnaíodh agus níor ghlac an ODF le barúil an Oifigigh Fiosraithe Mhíleata nár bhain an taifead sin le hábhar sa chás seo. Ní hé amháin go raibh an ODF den tuairim gur bhain sé sin go soiléir le hábhar, bhí sé ní ba thábhachtaí ná an cheist maidir le cé acu a chaith nó nár chaith aon iarratasóir eile tréimhse ní b'fhaide sa bhaile ná an Gearánach (rud a bhí ar an bpríomhfháth ar roghnaíodh iarratasóirí eile in áit an Ghearánaigh, de réir dealraimh). Fuair an ODF amach gur mainníodh foclaíocht bheacht na Litreach Treorach a chur i bhfeidhm.

Maidir leis an dara saincheist, chuir Óglaigh na hÉireann in iúl don ODF go raibh an nós imeachta éigeantach um roghnú i bhfeidhm tráth iarratas an Ghearánaigh. Foráladh sa nós imeachta sin, a leagadh amach sa litir dar dháta an 27 Meán Fómhair 2007 “go bhfuil saorálaithe á lorg ón bPríomhbhriogáid” agus go lorgófaí saorálaithe ó áiteanna eile in Óglaigh na hÉireann dá dtarlódh sé nach dtiocfaidh aon duine chun cinn. Luadh coincheap na Príomhbhriogáide freisin san ord um Ardú agus Comhchruinniú do OPOD MINURCAT 13-09 an 102ú Cathlán Coisithe. Thug an ODF faoi deara gur ceapadh daoine ó lasmuigh den Phríomhbhriogáid chun 3 cinn de na 4 Cheapachán mar Sháirsint, cé go raibh saorálaithe ann laistigh den Phríomhbhriogáid. Bunaithe ar fhoclaíocht na Litreach Treorach ábhartha, in éineacht le coincheap na Príomhbhriogáide, bhí an ODF den tuairim gur réasúnta a bhí argóint an Ghearánaigh gur chóir ceann amháin ar a laghad de na ceapacháin don mhisean seo a thabhairt dó de bhun a iarratais.

Chuir an ODF a himní in iúl freisin gur caitheadh a lán ama chun dochar an Ghearánaigh agus go raibh sé doiligh leigheas a thabhairt dó. Mhol an ODF go ndéanfaí

gach iarracht chun maolú a dhéanamh ar an drochthionchar a d'imir drochbhainistíocht agus drochriarachán an nóis imeachta um earcú ar an nGearánach. Mhol an ODF go dtabharfaí deis don Ghearánach iarratas a dhéanamh ar sheirbhís thar lear ag an gcéad deis eile gan é a phionósú de bharr an ama a tógadh chun a ghearán a shaothrú.

Ghlac an tAire Cosanta le moladh an ODF maidir leis na saincheistanna móra. Chuir an tAire in iúl don ODF gur iarr sé ar an gCeann Foirne tús áite a thabhairt, chomh fada agus is féidir, don chéad iarratas eile ón nGearánach ar sheirbhís thar lear, faoi réir na critéir ghinearálta don phost a bheith á gcomhlíonadh aige. D'iarr an tAire freisin go ndéanfaí athbhreithniú ar chritéir agus ar phrionsabail na Litreach Treorach ar mhaithe le tuilleadh soiléireachta a thabhairt do shaorálaithe amach anseo. Thug an tAire faoi deara nach raibh aon mhoill shuntasach ar thaobh na n-údarás míleata agus an cás á phróiseáil acu.

Achoimre ar Chás 4

Cúrsa d'Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe fhéideartha – critéir cháilithe – athrú sa chaighdeán rangú liachta – eisiadh iarrthóirí a bhí os cionn daichead bliain d'aois – TS 155/2009 – baineadh an díolúine – ceist maidir le cé acu a cuireadh nó nár cuireadh an t-athrú sna critéir in iúl go leordhóthanach – ceist maidir le cé acu a bhí nó nach raibh an t-athrú i gcomhréir le Rialacháin Óglaigh na hÉireann.

Níor éirigh le hiarratas an Ghearánaigh ar an 54ú Cúrsa d'Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe fhéideartha toisc nár chomhlíon sé an caighdeán rangú liachta a bhí ag teastáil. Bhí a chasaoid bunaithe ar an bhfíric go raibh cúrsaí roimhe d'Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe ar oscailt d'iarrthóirí a bhí os cionn daichead bliain d'aois a fhad is a bhí siad aclaí ó thaobh liachta de. Eisiadh iarrthóirí a bhí os cionn daichead bliain d'aois sna critéir cháilithe don 54ú Cúrsa, áfach.

Fuair an ODF amach gur foilsíodh fógra faoin 54ú Cúrsa in Iarscríbhinn B d'Orduithe Gnáthaimh an Aerchóir agus go raibh sé sin i gcomhréir le téarmaí Shiollabas Oiliúna Óglaigh na hÉireann, Cúrsaí d'Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe fhéideartha, Faisnéis Siollabais Oiliúna 155/2009, arna heisiúint ag an Stiúrthóir um Oiliúint Óglaigh na hÉireann. Éilíodh sa dá cháipéis gur gá rangú liachta nach lú ná YY11424 a bheith ag iarrthóirí. Bhí an ODF den tuairim gur cuireadh an t-athrú sin in iúl nuair a eisíodh Faisnéis Siollabais 155/2009 í féin agus gur tugadh fógra eile sna hOrduithe Gnáthaimh inar fógraíodh an cúrsa.

Ina Tuarascáil Réamhthuairime, d'iarr an ODF soiléiriú maidir leis an mbonn ar ar tugadh údarás don Stiúrthóir um Oiliúint Óglaigh na hÉireann an t-athrú sna critéir a chur i bhfeidhm. Ba chosúil sna freagraí a fuarthas gur ón gCeann Foirne trína hOifigigh shainithe a ritheadh an t-údarás chun na critéir a athrú. Bunaithe ar na freagraí a fuarthas, ba chosúil gur trí chomhairliúchán idir an Stiúrthóireacht Oiliúna

agus an Stiúrthóireacht Liachta a cinneadh an Grád Liachta a bhí ag teastáil chun dul isteach sa chúrsa. Dúradh gurb é an Stiúrthóir um Oiliúint Óglaigh na hÉireann a chinn na critéir cháilithe do chúrsaí, ach amháin i gcás an Ghráid Liachta. Sa chás sin, molann Stiúrthóir an Chóir Liachta na critéir cháilithe agus cuireann an Stiúrthóir um Oiliúint Óglaigh na hÉireann na critéir sin isteach sa siollabas oiliúna cuí.

Bhí an ODF den tuairim go raibh mí-ádh ar an nGearánach toisc gur imríodh drochthionchar air mar gheall ar an athrú i bpolasaí agus i gcleachtas a bhí i réim i ndáil leis an nGrádú Liachta le haghaidh Cúrsaí d'Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe fhéideartha agus toisc go raibh air glacadh leis na critéir cháilithe mar atá. Tharraing an ODF aird ar na haighneachtaí a rinne Óglaigh na hÉireann, inar luadh gur tugadh fógra don Ghearánach faoi na hathruithe sin le linn dó a iarratas a dhéanamh. I dtéarmaí ginearálta, mhol an ODF go gcuirfí gach athrú i gcritéir in iúl dóibh siúd a n-imreodh athrú den sórt sin tionchar díreach orthu agus iad ag pleanáil agus ag forbairt a ngairme laistigh d'Óglaigh na hÉireann.

Ghlac an tAire Cosanta le torthaí an ODF.

Achoimre ar Chás 5

Ardú céime – Comórtas roghnaithe – Tuarascálacha AF 667 ar iarraidh – Mainneachtain riaracháin gan déileáil leis go sásúil – Cuireadh conclúidí agus measúnuithe in áit cinn eile.

Bhain an gearán le hiarratas neamhrathúil an Ghearánaigh ar fholúntas. D'argóin sé go raibh ceann amháin dá thuarascálacha bliantúla AF 667A ar iarraidh, in éineacht le tuarascáil AF 667B, agus nach ndearna an bord agallaimh measúnú ceart ar a iarratas dá bharr. D'áitigh an Gearánach go dtabharfaí an t-ardú céime dó dá gcuirfí an fhaisnéis sin san áireamh. Tagraíodh in achoimre thuarascáil an bhoird agallaimh do thuarascáil AF 667 a scríobhadh seacht mbliana ó shin, rud inar tugadh grádú “meánach” dó. D'áitigh sé freisin gur maíodh sa tuarascáil AF 667B a bhí ar iarraidh go raibh “sárleibhéil airde agus tionscnaimh” aige agus go gcuirfeadh an ráiteas sin é chun tosaigh ar na hiarrthóirí eile.

Fuair an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata amach go raibh tuarascáil AF 667A ar iarraidh, agus gur tugadh rátáil “os cionn an mheáin” dó, rud a bhí ar aon dul le tuarascálacha eile an Ghearánaigh agus nach ndéanfaí difear do rangú na n-iarrrthóirí. Ina Tuarascáil Réamhthuaisirime, chaith an ODF amhras ar an tuairim sin, rud a bhí bunaithe ar chuimhne an oifigigh thuairiscithe. Fuair an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata amach freisin go raibh uachtarán an bhoird agallaimh ar an eolas faoi na tuarascálacha a bhí ar iarraidh agus go ndearna sé iarracht é sin a réiteach trí bhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil AF 667 “le haghaidh ardú céime”, rud a scríobhadh le linn na bliana 2006 agus inar tugadh rátáil “sármhaith” don Ghearánach. Mar sin féin,

ní dhearna sé sin difear do rangú na n-iarrthóirí. Luaigh an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata gur tháinig sé ar an tuarascáil AF 667B a bhí ar iarraidh agus nach raibh sé in ann aon tagairt a aimsiú do na “sárleibhéil airde agus tionscnaimh”. Grádaíodh an Gearánach “os cionn an mheáin” sa tuarascáil AF 667B. Tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach.

Bhí an Ceannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh den tuairim freisin nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach. Luaigh sé nach cuid den phróiseas measúnaithe é an tuarascáil AF 667B de réir mhír 360 de Threoir Riaracháin Chuid 10, gur cuireadh an fhadhb a bhain leis an tuarascáil AF 667A a bhí ar iarraidh san áireamh agus go raibh sé sin chun sochar an Ghearánaigh. Agus é ag freagairt don rialú sin, chuir an Gearánach in iúl don bhord agallaimh nach raibh deis aige labhairt leis an oifigeach a d’ullmhaigh an tuarascáil AF 667A a bhí ar iarraidh agus shoiléirigh sé an tagairt do “sárleibhéil airde agus tionscnaimh”, rud a bhí i dtuarascáil 667A a bhí os comhair an bhoird agallaimh.

Fuair an Ceann Foirne in aghaidh an Ghearánaigh freisin. Cé gur ghlac sé leis go raibh sé neamh-inmhianaithe go raibh an tuarascáil AF 667A ar iarraidh, bhí sé den tuairim gur cúitíodh é sin leis an nGearánach nuair a rinneadh breithniú ar an tuarascáil AF 667 “le haghaidh ardú céime”, rud inar tugadh rátáil ní b’airde dó.

Fuair an ODF amach go raibh sé soiléir go raibh mainneachtain riaracháin ann sa chás seo, rud a ghoill ar an nGearánach. Glacadh leis gur ar iarraidh a bhí dhá cháipéis a bhain leis an nGearánach. Mar sin féin, ní raibh an ODF in ann imscrúdú ceart a dhéanamh ar an bhfreagairt don mhainneachtain sin toisc nár coinníodh nótaí an bhoird agallaimh. Go deimhin, ba easnamhach ar roinnt bealaí a bhí comhad gearán Óglaigh na hÉireann. Tháinig an ODF ar an gconclúid go ndearna drochriarachán an nóis imeachta um ardú céime difear díobhálach ar an nGearánach toisc nach ndearnadh na bearta cuí chun déileáil leis an tuarascáil AF 667 a bhí ar iarraidh. Dá bhrí sin, ní raibh an fhaisnéis riachtanach ar fad ag an mbord agallaimh a chuirfeadh ar a chumas cinneadh cóir neodrach a dhéanamh. Ina ionad sin, chinn sé go gcuirfeadh sé conclúidí nó measúnuithe in áit cinn eile.

Mhol an ODF go dtabharfaí deis don Ghearánach iarratas a dhéanamh don chéad deis eile ardú céime. Ar bhealach níos ginearálta, mhol an ODF go dtabharfaí aghaidh ar an gcleachtas a bhaineann le nótaí a choinneáil agus gur chóir nótaí agallaimh ón bpróiseas roghnaithe a choinneáil ar chomhad oifigiúil Óglaigh na hÉireann. Mhol sí freisin go ndréachtófaí na treoirlínte maidir le tuarascálacha AF 667 a chur i gcrích chomh luath agus a bheadh an comhaontú nua um ardú céime d’Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe tugtha i gcrích, treoirlínte ina ndéanfaí idirdhealú idir “sármhaith”, “os cionn an mheáin” agus “meánach”, chomh maith le treoirlínte d’oifigigh thuairiscithe do chásanna ina bhfuil aithne “mhaith” nó aithne “an-mhaith” acu ar an iarrthóir.

Ghlac an tAire Cosanta le torthaí an ODF.

Achoimre ar Chás 6

Postú aonaid – Postaíodh é chuig aonad eile tar éis coimisiúnú – Ceist maidir le cé acu a bhí nó nach raibh súil dhlisteanach ann nach bpostófaí é ar shiúl ón aonad – Níor sannadh aon obair – Mainneachtain i mbainistíocht acmhainní daonna – Ceist maidir le cé acu a bhí nó nach raibh bulaíocht ann – Réitíodh an t-ábhar tar éis plé.

Bhí an Gearánach ina Oifigeach Neamhchoimisiúnaithe in aonad oiliúna sna hÓglaigh Chúltaca ar feadh roinnt blianta. Rinneadh é a ainmniú agus a choimisiúnú don Chúrsa d'Oifigigh Fhéideartha. Mar sin féin, tar éis insint dó nach n-athródh sé aonad, postaíodh é ina dhiaidh sin chuig aonad eile nach raibh i mbun oiliúna. Ní raibh aon obair le déanamh aige san aonad nua sin agus bhraith sé gur cuireadh i leataobh é agus go raibh sé aonraithe dá bharr. Rinne sé iarratas Sásaimh in Éagóracha.

Fuair an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata in aghaidh an ghearánaigh agus mhol sé dó fanacht ina aonad reatha, rud a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as a chuid scileanna. Thug sé faoi deara nár sannadh beirt de na mic léinn eile ar an gCúrsa d'Oifigigh Fhéideartha chuig a n-aonaid bhunaidh. D'aontaigh an Ceann Foirne leis an gcinneadh sin, é den tuairim go raibh sé de rogha ag an Oifigeach Ginearálta i gCeannas oifigeach ó na hÓglaigh Chúltaca a cheapadh chun cór seirbhísí den sórt sin de réir mar is mian leis.

D'éirigh an cás ní ba mheasa agus ní ba mheasa ina dhiaidh sin. Bhí aistriú ceadaithe go foirmiúil le deonú dó, ach cailleadh cáipéisí an aistrithe agus fágadh é gan aonad lena bhféadfadh sé dul ar pháid. Cuireadh é ar an liosta d'oifigigh neamhéifeachtacha ansin.

Ina Tuarascáil Réamhthuirime, fuair an ODF amach gur caitheadh go héagórach leis an nGearánach agus gur imríodh drochthionchar air de bharr na cleachtais riaracháin a bheith i bhfad níos ísle ná an caighdeán a bhféadfadh súil réasúnach a bheith aige leis. Bhí fianaise láidir ann go raibh súil dhlisteanach ag an nGearánach nach bpostófaí é amach óna aonad chomh luath agus a bheadh sé ina oifigeach, ach rinneadh amhlaidh ina dhiaidh sin. Ba chosúil freisin gur sáraíodh Cuspóirí Straitéiseacha na Bainistíochta Acmhainní Daonna agus go raibh gnéithe láidre de bhulaíocht sa chás seo, faoi mar a shainmhínítear bulaíocht sa cháipéis *Response to the Challenge of a Workforce*.

Tar éis don ODF idirghabháil a dhéanamh san ábhar, cuireadh in iúl di go ndearnadh plé ar an ábhar agus gur réitíodh é ar bhealach a raibh na páirtithe uile sásta leis. Bhí an Oifig seo an-sásta leis an toradh sin, rud ar shampla é den tairbhe a ghabhann le luath-idirghabháil i gcásanna den sórt sin.



Gnóthaí Corparáideacha

Soláthar Foirne

Chuimsigh leibhéal soláthar foirne an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2012 an méid seo a leanas:

- Brian O'Neill, Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata (Príomhoifigeach Cúnta);
- Conor Gallogly, Bainisteoir Cásanna (Ardoifigeach Feidhmiúcháin);
- Geraldine Keegan, Cúntóir Riaracháin (Oifigeach Cléireachais).

Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Mar an gcéanna le hOifigí eile atá maoinithe ag an bpobal, rinne an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann athbhreithniú foirmiúil ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais in 2012. Cuireadh an t-athbhreithniú sin ar fáil don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá córas cuimsitheach buiséid i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú ar threochtaí caiteachais ar bhonn ráithiúil i gcomhar le cuntasóirí seachtracha an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.

Cosaint Sonraí

Tá Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann cláraithe leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuirtear forálacha rúndacht faisnéise i bhfeidhm maidir leis an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann faoi alt 10 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 mar seo a leanas [tabhair faoi deara: aistriúchán neamhoifigiúil]:

10. (1) Ní thabharfaidh an tOmbudsman ná ball d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) aon eolas, aon doiciméad, aon chuid de dhoiciméad nó aon ní atá faighte ag an Ombudsman nó ag oifigeach imscrúdaithe le linn dó nó di réamhscrúdú nó imscrúdú a dhéanamh, nó chun réamhscrúdú nó imscrúdú a dhéanamh, faoin Acht seo ach amháin chun na críche seo a leanas—

- (a) an réamhscrúdú nó an t-imscrúdú lena mbaineann,
- (b) aon ráiteas, tuarascáil nó fógra a dhéanamh, de réir an Achta seo, faoin réamhscrúdú nó faoin imscrúdú sin, nó
- (c) imeachtaí a bhaineann le cion faoi Acht um Rúin Oifigiúla, 1963, a líomhnaítear go ndearna é i ndáil le heolas nó doiciméad, cuid de dhoiciméad nó ní atá faighte ag an Ombudsman nó ag oifigeach imscrúdaithe de bhua an Achta seo.

(2) Ní iarrfar ar an Ombudsman ná ar bhall d'fhoireann an Ombudsman (lena

n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) fianaise a thabhairt in aon imeachtaí, seachas imeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(c)*, maidir le cúrsaí a tháinig ar a iúl nó ar a hiúl le linn dó nó di réamhscrúdú nó imscrúdú a dhéanamh faoin Acht seo.

- (3) (a) Féadfaidh an tAire fógra a thabhairt i scríbhinn don Ombudsman maidir le haon doiciméad, aon chuid de dhoiciméad, aon eolas nó aon ní a bheidh sonraithe san fhógra, nó maidir le haon aicme doiciméid, choda de dhoiciméad, eolais nó ní a bheidh sonraithe amhlaidh go ndéanfadh, i dtuairim an Aire, nochtadh (seachas don Ombudsman nó do bhall dá fhoireann nó dá foireann, lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) an doiciméid sin, aon choda den doiciméad sin, an eolais sin nó an ní sin nó doiciméid, aon chodanna de dhoiciméad, nó eolais nó aon ní den aicme sin dochar do leas an phobail nó do shlándáil an phobail ar na cúiseanna a bheidh luaite san fhógra.
- (b) I gcás a dtabharfar fógra faoin bhfo-alt seo, ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a údaráíonn don Ombudsman nó a cheanglaíonn ar an gcéanna aon doiciméad, eolas nó ní a bheidh sonraithe san fhógra nó aon doiciméad, eolas nó ní d'aicme a bheidh sonraithe amhlaidh a thabhairt d'aon duine nó chun aon chríche.
- (4) I gcás a dtabharfar fógra faoi *fho-alt (3)(a)*, ní fhéadfaidh an tOmbudsman ná ball d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) ceann ar bith díobh seo a leanas a thabhairt —
- (a) doiciméad, cuid de dhoiciméad, eolas nó ní a bheidh sonraithe san fhógra, nó
- (b) aicme doiciméid, choda de dhoiciméad, eolais nó ní a bheidh sonraithe san fhógra,
- d'aon duine nó chun aon chríche agus ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a údaráíonn don Ombudsman nó do bhall d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) aon ní dá dtagraítear i *mír (a) nó (b)* a thabhairt d'aon duine nó chun aon chríche.

Comhairle Bharra na hÉireann

Tá Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann cláraithe faoin Scéim um Rochtain Ghairmiúil Dhíreach de chuid Chomhairle Bharra na hÉireann. Baineann Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann úsáid as seirbhísí abhcóidí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaid chásanna in imthosca cuí.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann. Tá freagracht phríomha ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála as an mBeartas Sláinte agus Sábháilteachta maidir leis an bhfoirgneamh ina gcuirtear cóiríocht ar fáil don Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.

